An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Coláiste Pobail Chill Airne
Cill Airne, Contae Chiarraí
Uimhir Rolla: 70450D

Dáta na cigireachta: 28 Feabhra 2012

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE SA TSRAITH SHÓISEARACH

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dáta na cigireachta: 28 Feabhra 2012	
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith 3 thréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí caighdeán maith ag baint leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim a breathnaíodh.
- Bhí an Ghaeilge i dtreis le linn na gceachtanna ar fad.
- Leagtar béim shuntasach le linn ceachtanna ar chumas labhartha na scoláirí a fhorbairt.
- Ghlac na scoláirí uile páirt ghníomhach in imeachtaí na gceachtanna.
- Déantar plé ar an gcleachtas ranga le linn cruinnithe roinne.
- Tá na scéimeanna oibre leagtha amach de réir torthaí foghlama inmhianaithe, rud a éascaíonn athbhreithniú an mhúinteora agus na scoláirí ar éifeacht na foghlama.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar go mbeadh an chothromaíocht chuí idir an leas a bhaintear as an modh díreach nuair a stiúraíonn an múinteoir an fhoghlaim den chuid is mó agus an leas a bhaintear as modhanna idirghníomhacha ina mbíonn ról níos lárnaí ag na scoláirí i bpróiseas na foghlama.
- Moltar go mbeadh an Ghaeilge níos feiceálaí fós ar chomharthaíocht na scoile.

RÉAMHRÁ

Coláiste pobail faoi choimirce Sheirbhís Oideachais Chiarraí é Coláiste Pobail Chill Airne. Le trí bliana anuas, tá ardú suntasach tagtha ar líon na scoláirí sa scoil. Dealraíonn sé go leanfaidh an méadú seo sa todhchaí. Faoi láthair, 311 scoláire atá cláraithe ar rolla na scoile dara-leibhéil. Triúr múinteoirí atá ag gabháil do mhúineadh na Gaeilge i mbliana. Soláthraítear clár an Teastais Shóisearaigh agus clár na hArdteistiméireachta chomh maith le Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh i gcás dornán scoláirí.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhain cáilíocht mhaith leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. Breathnaíodh samplaí den dea-chleachtas sna ranganna ar fad chomh maith le roinnt réimsí forbartha.
- Bhí an Ghaeilge i dtreis le linn na gceachtanna ar fad. Bhí inniúlacht na scoláirí sa Ghaeilge labhartha ag teacht lena gcumas san ábhar.
- Is minic a cruthaíodh deiseanna ar labhairt na Gaeilge do scoláirí. Bhí fiúntas ar leith ag baint leis na deiseanna a cruthaíodh ar ghnáthchúrsaí an tsaoil a phlé agus moltar go leanfaí den chleachtas seo.
- Is mó uair a cuireadh scoláirí ag labhairt Gaeilge lena chéile mar chuid de thasc idirghníomhach. Is dea-chleachtas é seo arbh fhiú é a leathnú. Ba cheart, áfach, deimhin a dhéanamh de nach sáraíonn tascanna comhfhoghlama an teagasc díreach a bhíonn le déanamh chun na gnéithe nua den teanga a chur i láthair nó chun coincheapanna a mhiniú.
- Moltar an chaoi ar cruthaíodh deiseanna chun scoláirí a chur ag labhairt agus ag léamh os ard sa rang. Ar mhaithe le scáfaireacht scoláirí áirithe a mhaolú agus a gcuid féinmhuiníne a spreagadh, d'fhéadfaí leas a bhaint as frapaí nó feisteas ar nós hataí, spéaclaí nó casóga.
- Is minic a cuireadh scoláirí i mbun raon gníomhaíochtaí, rud a chruthaigh deiseanna dóibh ar na ceithre scil teanga a chleachtadh.
- Tugadh suntas do chruinnfhoghraíocht na scoláirí. Breathnaíodh an-dea-chleachtas nuair a rinne scoláirí aithris ó bhéal ar fhuaimniú agus ar ionramháil na ngnéithe nua-shealbhaithe den teanga.
- Baineadh leas as acmhainní ildaite beo a spreag suim agus rannpháirtíocht na scoláirí.
- Is mór an cúram a dhéantar de scoláirí le riachtanais oideachais speisialta ar mhaithe lena chinntiú go mbíonn taithí fónta acu ar fhoghlaim na Gaeilge. Tá gá chomh maith le freastal ar riachtanais na scoláirí ardchumais. Ba cheart go mbeadh ionchais arda ag múinteoirí i gcás na scoláirí seo agus dúshlán dá réir ag baint leis na gníomhaíochtaí agus leis na gnéithe den teanga a chleachtaítear leo.
- Roinneadh na torthaí foghlama inmhianaithe leis na scoláirí ag tús gach ceachta. B'fhearr fós an cleachtas nuair a filleadh ar na spriocanna seo ag deireadh an cheachta chun go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht na foghlama.
- Baineadh leas éifeachtach as an gceistiú i gcás amháin chun leibhéal an tsealbhaithe teanga a mheas. A bhuíochas leis an straitéis seo, ba léir do na scoláirí féin faoi dheireadh an cheachta cén dul chun cinn a bhí déanta acu. Moltar go ndéanfaí ceistiú an mhúinteora a fhí isteach sna ceachtanna uile oiread agus is féidir.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tacaíonn an tráthchlár le teagasc agus le foghlaim na Gaeilge.
- Tá díolúine ón nGaeilge ag 34% den díorma iomlán scoláirí. Tá deacrachtaí foghlama ag 15% agus is scoláirí a fuair an chuid luath dá n-oideachas thar lear an fuilleach. Tugadh le fios go spreagtar na scoláirí seo chun staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge. Táthar ag súil leis go mbeidh sé ar chumas scoláirí dá leithéid seo staidéar foirmeálta a dhéanamh ar an nGaeilge amach anseo a bhuíochas le Béaltriail Roghnach an Teastais Shóisearaigh. Faoi láthair, tá na scoláirí seo á mbainistiú ar shlí a chinntíonn go mbíonn siad páirteach i ngníomhaíochtaí foghlama tráth a bhíonn na ranganna Gaeilge ar siúl.
- Scagtar scoláirí i rang-ghrúpaí ar shlí a chuireann ar a gcumas staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ag an leibhéal is fearr a oireann dá gcumas.
- Agus ionrollú na scoile ag dul i méid, moltar go bhfaigheadh gach múinteoir taithí ar an nGaeilge a mhúineadh sna cláir agus ag na leibhéil éagsúla.
- Tacaíonn imeachtaí comh- agus tras-churaclaim le cur chun cinn na Gaeilge lasmuigh den seomra ranga.
- Tá a seomraí féin ag múinteoirí, rud a chuireann ar a gcumas timpeallacht spreagúil foghlama a chruthú. Is mór an spreagadh a thugtar do scoláirí dul i mbun cumarsáide trí na boird a bheith leagtha amach mar thrí thaobh de dhronuilleog, faoi mar atá déanta i gcás amháin.
- Tá iarracht inmholta á déanamh chun oiread leasa agus is féidir a bhaint as teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC).
- Aithnítear an fiúntas a bhaineann leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach agus is iomaí togra a bhfuil an scoil agus roinn na Gaeilge páirteach ann. Tá béim ar leith á leagadh faoi láthair ar ghníomhaíochtaí comhfhoghlama, cur chuige a oireann go mór do ranganna teanga.
- Moltar go mbeadh an Ghaeilge níos feicealaí fós i dtimpeallacht na scoile, go mór mór ar an gcomharthaíocht.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Is dlúthchuid d'obair na roinne í an phleanáil um fhorbairt ábhair. Is léir go ndéantar dianphlé ar nithe a bhaineann le cumasú scoláirí sa sprioctheanga. Tá dearcadh oscailte ag an roinn agus fonn ar mhuinteoirí cur chuigí nua a thriail agus an fiúntas a bhaineann leo a mheas.
- Déanann na múinteoirí plé rialta ar an gcleachtas ranga agus is iomaí dea-chleachtas atá faomhaithe acu mar roinn agus á chur i bhfeidhm sna ranganna éagsúla.
- Tionóltar cnuaschruinniú réigiúnda gach téarma faoi scáth Sheirbhís Oideachais Chiarraí. Is an-taca é an fóram seo chun smaointe a roinnt le múinteoirí ó scoileanna eile agus chun cleachtais agus cur chuigí nua a dhearadh, a phlé agus a mheas.
- Tá an-snas ar na scéimeanna oibre. Tá siad leagtha amach i bhfoirm torthaí foghlama inmhianaithe, rud a shoiléiríonn an fhorbairt a dhéanann scoláirí ó bhliain go bliain ó thaobh sealbhú na Gaeilge de. Éascaíonn an leagan amach seo an t-athbhreithniú agus an fhéin-mheastóireacht.

- Moltar go gcuirfí eolas ar fáil i bplean na Gaeilge ar na hacmhainní éagsúla atá sa scoil chun tacú le foghlaim agus le teagasc na Gaeilge.
- Is léir gur caitheadh am agus cúram le pleanáil agus le hullmhú na ranganna a breathnaíodh. Bhí machnamh déanta ar na gnéithe den teanga a bheadh le sealbhú ag scoláirí agus ar na gníomhaíochtaí ab oiriúnaí chun tacú leis a bpróiseas foghlama.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí Gaeilge.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.

Foilsithe Deireadh Fómhair 2012